Coláiste | Aonad Bainistíochta:	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte
Scoil | Aonad:	Scoil an Leighis Tréidliachta
Teideal an Phoist agus Limistéar Ábhair *(más ábhartha)*	Intéirneach i Máinliacht na nAinmhithe Beaga
Tréimhse an Phoist:	Post Sealadach 1 bhliain
Bainisteoir Líne	Ceann Scoile nó Ainmní
Grád:	Máinlia Tí
Uimhir Thagartha an Chomórtais	018134
Riarthóir Acmhainní Daonna	Jolanca Desouza

Achoimre ar an bPost:

Bíonn an tSeirbhís Máinliachta d'Ospidéal Tréidliachta, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCDVH) ag plé le hainmhithe atreoraithe i leith sainchúram máinliachta, go príomha. Is ball riachtanach den fhoireann chúraim othar é/í an intéirneach i Máinliacht na nAinmhithe Beaga, agus cabhraíonn siad le chomhairliúcháin, imscrúduithe diagnóiseacha, bainistíocht máinliachta agus iar-obráide faoi mhaoirseacht dhíreach na gcónaitheoirí agus na gcliniceoirí sinsearacha sa speisialtacht. De bharr chineál na bpobal-othar atá againn, is annamh a mbíonn deis ag an intéirneach a bheith mar phríomh-mháinlia i mbainistíocht obráide na n-othar in UCDVH. Glacann an intéirneach páirt mar mháinlia cúnta go minic, áfach, i líon mór de ghnáthaimh chasta fíocháin bhoig agus ortaipéideacha.

Dualgais shonracha:

- Freastal ar othair chónaithe máinliachta ar ainmhithe beaga iad san ospidéal ar maidin le linn na seachtaine ag 7:30 am.
- Cabhair a thabhairt do mhic léinn sa bhliain dheireanach agus d'fhoireann altranais an ospidéil le cúram othair chónaithe
- Cabhair a thabhairt maidir le comhairliúcháin le hothair agus le cliaint
- Támhú nó ainéistéise a dhéanamh (neamhghnách) i leith imscrúdú diagnóiseach d'othair mháinliachta ar ainmhithe beaga iad
- Cabhair a thabhairt do mhic léinn tréidliachta agus/nó gnáthaimh a dhéanamh maidir le samplaí diagnóiseacha a fháil, cataitéarú IV a dhéanamh nó gnáthaimh eile a dhéanamh de réir mar is gá faoi mhaoirseacht na gcónaitheoirí nó na foirne sinsearaí
- Maoirseacht agus cabhair a chur ar fáil do mhic léinn tréidliachta sa bhliain dheireanach maidir le gnáthaimh i leith steiriliú máinliach roghnach
- Cabhrú le cúram othar agus le feidhmiú éifeachtúil de sheirbhís máinliachta na n-ainmhithe beaga mar a ordóidh cónaitheoirí nó an ceann seirbhíse
- Monatóireacht a dhéanamh ar choimeád taifead sláinte déanta ag na mic léinn
- Cabhair a thabhairt le linn gnáthaimh obráide mar a ordóidh an ceann seirbhíse
- Páirt a ghlacadh i ranganna praiticiúla fochéime maidir le scileanna bunúsacha máinliachta agus le hanatamaíocht
- Cabhair a thabhairt don chliniceoir sinsearach i leigheas dídine agus i steiriliú máinliach roghnach ag áis sheachtrach (dídean de chuid Chumann Bhaile Átha Cliath um Fhóirithint ar Ainmhithe) de réir mar is gá

Tascanna Ginearálta:

- Cabhrú le taighde cliniciúil a dhéanann foireann SAS agus cónaitheoirí. Cabhrú le teagasc fochéime agus cliniciúil i máinliacht na n-ainmhithe beaga

- Páirt a ghlacadh i gcuairteanna barda le cónaitheoirí SAS, club irise SAS, cruinnithe disciplín, Seimineáir Cónaitheoirí UCDVH agus i ndeiseanna inmheánacha oiliúna agus oideachais, ag brath ar an sceideal
- Léacht teagascach amháin a chur ar fáil sa chlár fochéime tréidliachta nó sa chlár fochéime altranais tréidliachta faoi threoir agus faoi mhaoirseacht de chomhordaitheoir ábhartha an mhodúil
- Cumarsáid bhriathartha éifeachtach a chur ar fáil do chliaint
- Cumarsáid bhriathartha éifeachtach a chur ar fáil don fhoireann fáilte, foireann altranais, mic léinn agus do dhisciplíní eile in UCDVH
- Tuairiscí scríofa i leith gnáthaimh obráide agus i leith comhairle scaoilte d'othair na chéad tuairime in SAS de réir mar is gá
- Cumarsáid scríofa maidir le nuashonruithe a chur ar fáil do thréidlianna atreoraithe faoi mhaoirseacht dhíreach na foirne sinsearaí de réir mar is gá
- Áirithiú go gcuirtear gach muirear intomhalta de chuid SAS a bhaineann le cúram othar san áireamh go cruinn ar bhileoga an tomhaltáin

Mic Léinn Tréidliachta ar Rothlú SAS:

- Cabhair ghinearálta agus maoirseacht a chur ar fáil do mhic léinn, lena n-áirítear measúnú laethúil ar othair agus SOAPáil; cúram, cothabháil agus athrú cóirithe créachtaí, bindealáin agus cataitéir; drugaí a ordú agus a thabhairt; taifid bheachta agus iomlán sláinte a chothabháil
- Gach prótacal an ospidéil a chothabháil le haird ar leith tugtha ar shláinteachas láimhe, riachtanais altranais choiscthigh agus prótacail leithlise i gcomhréir le Lámhleabhar Rialaithe Ionfhabhtuithe de chuid Ospidéil Tréidliachta UCD agus i gcomhréir le dea-chleachtas ospidéil chun infhabhtuithe nosacómacha a íoslaghdú
- Teagasc ar bhonn aonair nó i ngrúpaí beaga a chur ar fáil do mhic léinn sa bhliain dheireanach maidir le saintuairisc a fháil, scrúdú fisiciúil ginearálta a dhéanamh, scrúdú ortaipéideach a dhéanamh, scrúdú néareolaíoch a dhéanamh, fadhb a shainaithint, liosta de dhiagnóisí difreálacha a ghin, pleanáil dhiagnóiseach agus cóireála a dhéanamh faoi threoir na foirne sinsearaí
- Treoir agus faireachas a chur ar fáil maidir le teicníc dhian aiseipteach a chothabháil le linn ionduchtú ainéistéisigh, san obrádlann agus san aonad dianchúraim

Dualgais oíche agus ag an deireadh seachtaine agus bealaí oibre:

- Comhroinnfear dualgais oíche agus deireadh seachtaine go cothrom idir intéirnigh na n-ainmhithe beaga (ainéistéise, máinliacht, oinceolaíocht, cúram éigeandála agus criticiúil / ICU agus intéirnigh ar rothlú)
- Sceidealófar an intéirneach ar sheal na hoíche de réir róta 1-as-5, cumhdach ar an deireadh seachtaine san áireamh
- Sceidealófar an intéirneach ar sheal an lae maidir le cumhdach ar an deireadh seachtaine de réir róta 1-as-5
- Bainisteofar intéirnigh ar dualgais oíche gach gnáthchás agus gach cás dianchúraim d'othair san ospidéal, agus beidh rochtain acu ar chónaitheoirí cúltaca (leigheas inmheánach ainmhithe beaga, máinliacht ainmhithe beaga, ainéistéise, íomháú diagnóiseach) agus ar chliniceoirí sinsearacha i gcomhair comhairle agus cabhrach más gá. Glactar leis go n-eagróidh intéirnigh mic léinn agus go ndéanfaidh siad maoirseacht orthu san ospidéal le linn sheal an tráthnóna agus le linn sheal na hoíche
- Tarlóidh aistriú cásanna oinceolaíochta ar ais chuig foireann an lae idir 7 - 8 am (roimh 8 am gach lá, de ghnáth)
- Cabhair a thabhairt don chónaitheoir ar dualgas le haistrithe cásanna a ghlacadh ón Ospidéal Éigeandála Peataí (PEH)
- Ní féidir saoire a ghlacadh i rith tréimhsí a bhfuil an intéirneach ar uainchlár maidir le seal na hoíche

Ospidéal Tréidliachta UCD:

- Taifid an ospidéil a chothabháil agus seiceáil a dhéanamh go bhfuil gach faisnéis chuí taifeadta ar bhonn laethúil, lena n-áirítear praghsáil gnáthamh ar chóras ríomhaireachta an ospidéil
- Drugaí agus gléasanna a choinneáil faoi choinníollacha slána mar a ordóidh an Ceann Seirbhíse; An clár cóireála agus an Clár um Dhrugaí Rialaithe a chothabháil
- Iarrachtaí comhbheartaithe a dhéanamh chun caidrimh mhaithe a fhorbairt agus a cothabháil le tréidlianna atreoraithe agus le cliaint, agus cabhair a thabhairt chun íomhá dhearfach den Scoil agus d'Ospidéal Tréidliachta UCD a chur chun cinn
- Cliaint a chur ar an eolas faoi mhuirir iomchuí i leith seirbhísí arna sholáthar ar thráth iontrála, agus a bheith lárnach maidir leis an rud céanna a bhailiú i gcomhar leis an bhfoireann riaracháin

- Cúram iomlán d'othair chónaitheacha ar ainmhithe beaga iad san ospidéal
- Othair a scaoileadh amach le comhairle agus cógas cuí san iar-am de réir mar is gá
- Dul i gcomhairle le cliniceoirí sinsearacha maidir le cóireáil agus cúram othar
- Liosta cóireála a chomhordú le haltraí, cónaitheoirí agus cliniceoirí
- Cabhair a thabhairt do chliniceoirí maidir le gnáthaimh
- Logleabhar cásanna a choinneáil
- Cur i láthair a dhéanamh ag club irise agus ag seimineár cónaitheora ar a laghad uair amháin sa bhliain
- An sprioc chun cás-tuairisc amháin a chur ar fáil i gcomhair foilseacháin laistigh den bhliain

Gach prótacal an ospidéil a chothabháil le haird ar leith tugtha ar shláinteachas láimhe, riachtanais altranais choiscthigh agus prótacail leithlise i gcomhréir le Lámhleabhar Rialaithe Ionfhabhtuithe de chuid UCDVH agus i gcomhréir le dea-chleachtas ospidéil chun infhabhtuithe nosacómacha a íoslaghdú

95 House Surgeon_2010 (5212_X) Tuarastal: €32,576

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Critéir Roghnúcháin

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

- Céim Tréidliachta gur féidir a chlárú le Comhairle Tréidliachta na hÉireann (http://www.vci.ie)
- Cumasach sa Bhéarla– scór bandála foriomlán IELTS de 7 (nó os a gcionn sin) nó chomhionann (riachtanais cláraithe de chuid VCI):https://www.vci.ie/Register-with-VCI/Registration-Requirement
- Suim léirithe i Máinliacht na nAinmhithe Beaga, go háirithe i dtaca le cónaitheacht rathúil a lorg agus a bhaint amach sa disciplín
- Taithí bhunúsach i máinliacht agus inniúlacht chliniciúil
- Cumas a bheith ag obair go héifeachtach mar bhall foirne
- Ardleibhéal gairmiúlachta.
- Suim i múineadh fochéime
- An dóthain taithí chun cúram éifeachtach iar-ama a sholáthar d'othair san ospidéal

Inmhianaithe:

- Scileanna ríomhaireachta maithe agus mioneolas ar fhoireann Microsoft Office, ar r-phost agus ar an idirlíon
- Bliain amháin de thaithí chliniciúil ar a laghad i ndiaidh céim a bhaint amach ach is féidir go measfar céimithe nua eisceachtúla freisin
- Mioneolas agus taithí ar chleachtadh atreoraithe
- Taithí ar mhúineadh fóchéime
- Suim i dtaighde a dhéanamh i réimse máinliachta ainmhithe beaga

Eolas Breise:
Mura sonraítear a mhalairt, cuirfidh Acmhainní Daonna URLanna chuig an leathanach baile/chuig na leathanaigh bhaile ábhartha ar fáil.

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2025-2030: Teorainneacha a Shárú	https://strategy.ucd.ie/
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	https://www.ucd.ie/chas/
An Scoil/Oifig an Chláir/Aonad:	www.ucd.ie/vetmed http://www.ucd.ie/vthweb/
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmiúla AMHÁIN chuig:
Tabhair faoi deara go bhfuil an chuid seo roghnach. Seolfar iarratais chuig riarthóir AD sannta.

Ainm:	**Dr Jorge Espinel Rupérez**
Teideal:	Ollamh cúnta/léachtóir i Máinliacht Ainmhithe Beaga
Seoladh ríomhphoist:	jorge.espinelruperez@ucd.ie
Fón:	

Coinníollacha sainiúla don phost seo (más ann):

- Ní mór don té a cheapfar céim sa tréidliacht a fháil gur féidir a chlárú le Comhairle Tréidliachta na hÉireann (ceadaítear clárú teoranta in imthosca áirithe)
- Ní mór don té a cheapfar, taithí leordhóthanach a bheith acu chun bheith in ann cúram iar-ama a sholáthar do réimse othar atá ina n-ainmhithe beaga, othair dhianchúraim san áireamh.
- **Is é an26 Bealtaine 2025 dáta tosaithe an róil sin**
- **Mairfidh an conradh ar feadh bliana (53 seachtain), agus críochnóidh an post an1 Meitheamh 2026**
- Níl aon liúntas comhdhála nó oiliúna ar leith ag baint leis an bpost seo